## Polasaí Úsáide Inghlactha (AUP)

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacannn an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha (*Acceptable Use Policy*) a chinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí as na deiseanna foghlama as acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus rochtain Idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile. Mura gcomhlíontar polasaí AU na scoile mar sin tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachtbhannaí cuí.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú gach bliain ar an AUP. Sula síneofar é ba chóir an AUP a léamh go cúramach lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollach na húsáide.

Cruthaíodh an leagan seo den AUP ar **15.11.20** le **foireann an scoile**.

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama agus le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Is iad na straitéisí na cinn seo a leanas:

### Go Ginearálta

Beidh múinteoir i gcónaí ag maoirsiú seisiúin Idirlín.

Bainfear leas as bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionainn chun an riosca a bhaineann do nochtadh d'ábhar míchuí a laghdú. Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí.

Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht Idirlín. Féach ar an doiciméad *‘Parental Consent and Safety Guidelines’*

Ní cheadófar íoschóipeáil nó uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe.

Bainfear leas as bogearrai frith-víreas agus tabharfar é cothrom le dáta go rialta.

Cleachtóidh na daltaí dea “netiquette” (i.e., etiquette ar an Idirlíon) ag gach tráth agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-cháil ar an scoil nó orthu féin.

### An Gréasán Domhanda

Ní rachaidh mic léinn chuig láithreáin Idirlín ar a mbeidh ábhair ghraostacha, mídhleathacha, fuatha nó a bheidh míchuí ar bhealach eile. Is chun críocha oideachais amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an idirlíon.

Beidh eolas ag daltaí ar cheisteanna cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar líne.

Ní dhéanfaidh daltaí nochtadh nó foilsiú ar eolas pearsanta.

Beidh a fhios ag daltaí go bhféadfadh aon úsáid lena n-áirítear eolas a dháileadh nó a fháil, cibé obair scoile nó nithe pearsanta a bheith faoi mhonatóireacht ó thaobh ghníomhaíocht neamhghnách, slándáil, nó cúiseanna bainistíochta gréasáin.

**Ríomhphost**

Ní úsáidfidh daltaí cuntais ríomhphoist ach amháin seoladh GSuite.

Ní sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar a bheidh mídhleathach, graostach ná míchlúiteach nó a bhfuil sé i gceist leis cur as do dhuine eile nó imeaglú a dhéanamh air.

Ní fhoilseoidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile, nithe mar sheoltaí nó uimhreacha fóin nó picitiúir.

Ní shocróidh daltaí cruinniú casadh go fisiciúil le haon duine.

**Comhrá Idirlín**

Ní bheidh rochtain ag daltaí ar sheomraí comhrá, ar fhóraim chomhrá agus ar fhóraim leictreonacha cumarsáide eile ach de réir mar a bheidh ceadaithe ag an scoil.

Ní bhainfear leas as seomraí comhrá, fóraim phlé agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile ach amháin do chríocha oideachais agus beidh sin faoi mhaoirseacht ag gach tráth.

Más gá *Zoom* nó *Google Meet* a úsáid chun ceacht a eagrú i gcás dianghlasáil, is cóir do ghach duine pairteach sa rang na treoracha sa doiciméad *'Parental Consent and Safety Guidelines'* a úsáid.

**Suíomh Idirlín Scoile**

Tabharfar deis do dhaltaí tionscadail, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGréasán Domhanda tríd suíomh na scoile, Scoilnet, *Instagram* agus *Facebook*. Beidh foireann na scoile i gceannas ar ghach rud a fhoilseofar ar na hardáin seo.

Ní fhoilseofar grianghraif dhigiteacha, clipeanna éisteachta nó físe de dhaltaí aonair ar an ngréasán scoile. Díreoidh grianghraif agus clipeanna éisteachta agus físe ar ghníomhaíochtaí grúpaí.

Tugfar deis do thuismitheoirí cead a shéanadh pictiúir a bpáistí a chur ar line.

Fágfar amach eolas pearsanta faoi dhaltaí mar sheoladh baile agus sonraí teagmhála den leathanach gréasáin scoile.

Beidh úinéireacht ag daltaí fós ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.